UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

Polasaí maidir le Promhadh

Aontaithe ag an Údarás Ceannais 23 Samhain 2010

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúl de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a eiroidh.

1. An Chúis le Tréimhse Phromhaidh

1.1 Is iomaí dúshlán a chuirtear roimh fhostaí sa chéad 12 mhí i bpost nua agus is den mhórthábhacht go bhfaigheann fostaí nua tuiscint shoiléir lena linn sin ar na dualgais a bhaineann leis an ról agus ar an toradh oibre atá ceaptha amach i leith an phoist. D'fhonn an próiseas sin a éascú, tá tréimhse phromhaidh12 mhí ag dul le gach post buan nua agus le gach post ar conradh. Sa chás go mbíonn an tréimhse phromhaidh críochnaithe go sásúil ag ceann na tréimhse 12 mí, déantar an ceapachán a dheimhniú. Ní dhéanfar dochar do theidlíochtaí an Fhostaí nuair a chuirfear an Polasaí seo i bhfeidhm.

1.2 Is é is cuspóir leis an tréimhse phromhaidh:

a) Deis a thabhairt don Ollscoil oiriúnacht an fhostaí don ról a chinntiú
b) Deis a thabhairt don fhostaí nua an ról a phlé agus a thuiscint ina iomláine agus aiseolas a fháil ar a c(h)uid feidhmúcháin.

2. Feidhm

2.1 Baineann an tréimhse phromhaidh le gach fostaí nua. Ní bhaineann an polasaí le fostaithe reatha, a dtugtar ardú céime dóibh nó a cheaptar i bpost eile taobh istigh d'Ollscoil Luimnigh iad, sa chás is go bhfuil tréimhse phromhaidh curtha isteach acu cheana féin.

2.2 Maidir le fostaithe reatha a dtugtar ardú céime dóibh, déanfar meastóireacht ar a gcuid feidhmiúcháin ar an ngnáthbhealach tríd an bpróiseas PDR.

2.3 Tá clásál sa chonradh ag gach fostaí nua ina luaitear nach mór tréimhse phromhaidh a chur isteach go sásúil sula ndeimhnítear an ceapachán. De ghnáth, leanann an tréimhse phromhaidh ar feadh bliana. Is féidir síneadh a chur leis an tréimhse, sa chaoi is gur faide ná bliain í, sa chás go mbíonn an fostaí as láthair ar feadh tréimhse fada nó nár éirigh leis an bhfostaí na caighdeáin is gá a bhaint amach ach gurb é tuairim an bhainisteora go dtiocfaidh feabhas air/uirthi tar éis breis oiliúna.

2.4 Coimeádann an Ollscoil an ceart aici féin síneadh a chur leis an tréimhse phromhaidh, má mheastar gur cuí sin, ar feadh tréimhse nach faide sé mhí.

3. Conas a dhéantar an Tréimhse Phromhaidh a Bhainisitiú

3.1 Ba cheart go mbeadh cruinniú ag an Déan / ag an gCeann Rannóige / ag an gCeann Roinne / ag an mBainisteoir Líne (ar a dtabharfar 'an bainisteoir' feasta sa cháipéis seo) le fostaithe nua gach trí mhí. Is féidir leas a bhaint as na cruinnithe sin chun aiseolas a thabhairt agus a fháil, chun tosaíochtaí a shoiléiriú agus chun a chur in iúl cén caighdeán oibre a bhfuiltear ag súil leis.

3.2 Is féidir le ceachtar den dá pháirtí deireadh a chur leis an bhfostaíocht i rith na tréimhse promhaidh. Sa chás nár tháinig an obair leis an gcaighdeán a rabhthas ag súil leis agus gur mian leis an Ollscoil deireadh a chur leis an bhfostaíocht, eiseofar fógra foirceanta de réir Reacht Ollscoil Luimnigh

maidir le Ceisteanna Araíonachta Fostaithe agus Foirceannadh Fostaíochta. Ní mór aon fhógra chun síneadh a chur le tréimhse phromhaidh a eisiúint faoin dáta sin freisin. Ní foláir aontú a fháil ó Rannóg na nAcmhainní Daonna maidir le post a fhoirceannadh nó maidir le síneadh a chur le tréimhse phromhaidh.

4. Tréimhsí Saoire le linn Tréimhse Promhaidh

4.1 Má thógann fostaí saoire (e.g. saoire bhreoiteachta, saoire mháithreachais) le linn na tréimhse promhaidh, a leanann níos faide ná aon mhí amháin, cuirfear síneadh níos faide ná an 12 mhí leis an tréimhse phromhaidh a bhí aontaithe roimh ré.Baineann sin le fostaithe nua agus leo siúd a cheaptar i ról nua ar ghrád níos airde trí chomórtas oscailte. Cuirfear síneadh leis an tréimhse i gcomhréir leis an tréimhse saoire.

4.2 Is faoi réir ag an bpolasaí saoire a bhaineann le hábhar a cheadófar aon tsaoire den sórt sin, agus aon phá a ghabhann leis an tsaoire chéanna.

5. Cruinnithe agus Doiciméid maidir le Tréimhse Phromhaidh

5.1 Ba cheart cruinniú maidir le tréimhse phromhaidh a thionól idir an fostaí agus bainisteoir an fhostaí tar éis gach trí mhí fónaimh. Ní chuireann sin bac áfach, ar chruinnithe neamhfhoirmeálta a thionóil go tráthrialta chun an dul chun cinn a athbhreithniú.

5.2 Déanann an bainisteoir, ag gach cruinniú maidir le tréimhse phromhaidh, an fhoirm mheasúnachta maidir le tréimhse phromhaidh (féach Aguisín 2) a líonadh isteach i gcomhairle leis an bhfostaí. Aontaítear plean gníomhaíochta a bheidh le tabhairt i gcrích ag an bhfostaí roimh an gcéad chruinniú eile agus breactar tuairisc air sin ar an bhfoirm. Coinníonn an bainisteoir cóip amháin den fhoirm agus coinníonn an fostaí cóip eile. Ba cheart go mbeadh léiriú cruinn fírinneach ar ar pléadh, aon cheisteanna faoin bhfeidhmiúchán san áireamh, le fáil ón bhfoirm mheasúnachta maidir le tréimhse phromhaidh. Ba cheart don bhainisteoir gach ceann de na foirmeacha (i.e. tar éis gach trí mhí fónaimh) a chur ar ais chuig Rannóg na nAcmhainní Daonna agus cóip a chur ar fáil don fhostaí.

6. Obair Shásúil le linn na Tréimhse Promhaidh

6.1 Sa chás go mbíonn obair an fhostaí le linn na tréimhse promhaidh sásúil, deimhneoidh Acmhainní Daonna an ceapachán ag ceann na tréimhse promhaidh agus eiseofar litir dá réir sin chuig an bhfostaí.

7. Obair mhíshásúil le linn Tréimhse Promhaidh

7.1 Cé nach mór don fhostaí atá ar promhadh an oiriúnacht le haghaidh an phoist a chruthú go soiléir, tá de dhualgas ar an Ollscoil dá réir aird an fhostaí a tharraingt ar aon easnamh d'fhonn cuidiú leis/léi feabhas a chur ar chúrsaí. Anuas air sin,ní foláir don Ollscoil tréimhse ama a leagan síos don fhostaí ina ndéanfar monatóireacht rialta ar na hiarrachtaí chun feabhais. Cuirfear oiliúint oiriúnach ar fáil más gá.

7.2 Tá de fhreagracht ar an mbainisteoir líne déileáil le haon obair mhíshásúil, agus nuair nach sroicheann an obair an caighdeán is gá, tabharfaidh an

bainisteoir líne sainmhíniú air sin don fhostaí agus cuirfidh sé/sí na torthaí a bheidh air seo in iúl don fhostaí. Tá breis eolais ar fáil in Aguisín 1, *Treoirlínte maidir le Bainistiú Tréimhse Promhaidh*.

7.3 Muna dtagann feabhas ar an obair mhíshasúil, rachaidh an bainisteoir i gcaidreamh le Rannóg na nAcmhainní Daonna d'fhonn plean gníomhaíochta oiriúnach a mheas agus a mholadh. D'fhéadfadh go mbeadh na bearta seo a leanas san áireamh ach ní gá gur teoranta dóibh seo amháin é:

- Measúnacht mhíosúil i leith an fhostaí ar feadh an chuid eile den tréimhse phromhaidh

- Síneadh a chur leis an tréimhse phromhaidh ar feadh tréimhse teoranta agus aidhmeanna sonracha a bheith ag gabháil léi

- Deireadh a chur leis an gconradh. Is de réir Reacht Ollscoil Luimnigh maidir le Ceisteanna Araíonachta Fostaithe agus Foirceannadh Fostaíochta a dhéanfar aon fhoirceannadh.

7.4 Is féidir le fostaí aird a tharraingt ar cheist ar bith faoin nGnás Gearáin atá ag Ollscoil Luimnigh tráth ar bith le linn na tréimhse promhaidh.

Aguisín 1: Treoirlínte maidir le Bainistiú Tréimhse Promhaidh

Dualgais an Bhainisteora le linn Tréimhse Promhaidh

Tá de fhreagracht ar an mbainisteoir cúnamh a thabhairt don fhostaí a (h)oiriúnacht don phost a léiriú go cinnte. Anseo thíos tá liosta de shaindualgais an bhainisteora:

- Cinntiú go ndéantar an fostaí a ionduchtú mar is cóir sa roinn agus go mbíonnteacht ag an bhfostaí ar na hacmhainní agus ar an tacaíocht is gá chun an ról a chomhlíonadh
- Cruinnithe rialta athbhreithniúcháin a rith maidir leis an tréimhse phromhaidh
- Ar theacht i mbun oibre don fhostaí, na dualgais agus na freagrachtaí a bhaineann leis an ról a leagan amach agus cinntiú go dtuigeann an fostaí iad go soiléir
- An fhaisnéis is gá a bheith faoi lámh ionas gur féidir gach cruinniú a rith go héifeachtach
- Aidhmeanna a leagan síos agus a aontú don chéad trí mhí eile
- Aiseolas ionraic agus dea-chomhairle a chur ar fáil don fhostaí
- Bheith sonrach soiléir faoi fheidhmiúchán, idir mhaith agus olc
- Éisteacht le tuairim an fhostaí agus aird a bheith ar aon ní is ábhar buartha don fhostaí
- An tacaíocht chuí a chur ar fáil don fhostaí nua
- Cur i gcuimhne don fhostaí ar bhonn leanúnach mar gheall ar chaighdeán na hoibre a bhfuiltear ag súil leis
- Riachtanais oiliúna a shainaithint

Dualgais an Fhostaí le linn Tréimhse Promhaidh

Tá na dualgais seo leanas ar an bhfostaí:

- Cinntiú go dtuigeann sé/sí cén caighdeán oibre a bhfuiltear ag súil leis agus cad iad dualgais an róil. Ba cheart soiléiriú a lorg más gá
- Aidhmeanna/dualgais na hoibre ar bhonn ginearálta a thuiscint.
- Aon riachtanais oiliúna a shainaithint agus a phlé agus aontú ar an mbealach is fearr le déileáil leo

Rialtacht na gCruinnithe le linn Tréimhse Promhaidh

Ba cheart go dtarlódh cruinnithe de réir an sceidil seo a leanas:

- Tar éis trí mhí fónaimh
- Tar éis sé mhí fónaimh
- Tar éis naoi mí fónaimh

An Chéad Chruinniú

Tarlaíonn an chéad chruinniú le linn na tréimhse promhaidh tar éis trí mhí

fónaimh. Tugann an cruinniú seo deis don fhostaí tuiscint níos fearr a fháil ar na nithe seo leanas:

- Príomhchuspóirí na roinne / an aonaid
- An raon scileanna / cumais a bhfuiltear ag súil leis.
- Réimse an chaidrimh oibre a bheidh ag teastáil chun an ról a chomhlíonadh.
- Aon riachtanais oiliúna tosaigh
- Aon acmhainní eile a bhfuil gá leo

Cruinnithe ina dhiaidh sin

Is iad seo leanas na pointí a chlúdófar sna cruinnithe maidir le tréimhse phromhaidh a tharlaíonn tar éis sé mhí fónaimh agus tar éis naoi mí fónaimh:

- An dul chun cinn maidir le dualgais
- Plé agus réiteach ar aon fhadhbanna feidhmiúcháin
- Soiléiriú faoin gcaighdeán oibre a bhfuiltear a súil leis
- Aon chúnamh taca atá de dhíth a shonrú
- Aontú ar phlean gníomhaíochta agus an chéad chruinniú eilea shocrú, de réir mar is cuí

Ceisteanna mar Ábhar Machnaimh

Ábhar Machnaimh don Bhainisteoir

- Cad iad na buanna a chonaic mé ó tharla an cruinniú deireanach?
- Cén dul chun cinn atá déanta maidir leis na haidhmeanna aontaithe?
- Cad iad na réimsí a bhfuil gá acu le forbairt bhreise?
- Cén tacaíocht is féidir liom a thabhairt chun na réimsí seo a fhorbairt?
- Cad iad na tosaíochtaí is tábhachtaí sna míonna atá romhainn?

Ábhar Machnaimh don Fhostaí

Cén dul chun cinn atá déanta agam?
Cad é a mbíonn deacracht agam leis?
Cad é is mó a gcuirim suim ann?
Cén cúnamh taca a bhfuil gá agam leis?
Cad iad na riachtanais oiliúna atá orm agus conas is féidir liom dul i ngleic leo?

Ag Plé le Feidhmiúchán Míshásúil

Ba cheart don bhainisteoir ceisteanna maidir le hobair mhíshásúil a phlé leis an bhfostaí sa chéad áit agus aontú ar bheartaíocht chuí ina leith. Sa chás nach dtagann réiteach ar an bhfadhb, ba cheart don bhainisteoir, tar éis dul i gcomhairle le Rannóg na nAcmhainní Daonna, cruinniú a eagrú leis an bhfostaí Ag an gcruinniú seo, leagfaidh an bainisteoir amach don fhostaí an caighdeán a bhfuiltear ag súil leis agus míneoidh sé/sí don fhostaí na slite ina raibh a c(h)uid feidhmiúcháin míshásúil. Tar éis an chruinnithe sin, ba cheart don bhainisteoir achoimre ar an gcruinniú a thabhairt i scríbhinn don fhostaí ina mbeidh plean gníomhaíochta soiléir leagtha ann mar aon le spriocamanna. Ba cheart a mhíniú go soiléir don fhostaí cad a tharlóidh mura mbíonn feabhas le feiceáil agus ina theannta sin, ní mór é seo a thaifead de réir mar is cuí.

Ba cheart aon cheist faoi na treoirlínte seo a chur faoi bhráid Rannóg na nAcmhainní Daonna.

Aguisín 2: Foirm Mheasúnachta maidir le Tréimhse Phromhaidh						
Athbhreithniú ar Thréimhse Phromhaidh	Mí a 3		Mí a 6		Mí a 9	
Ainm an Fhostaí:						
Ainm an Bhainisteora Líne / Cheann Roinne:						
Roinn:						
Teideal an Phoist:						
Dáta an Cheapacháin:						

Athbhreithniú ar an bhFeidhmiúchán – Cuirtear tic sa bhosca cuí,de réir mar a oireann
Cóid:
1 = Sárfheidhmiúchán i gcónaí
2 = Níos fearr ná ionchais
3 = Chomh maith le hionchais
4 = Gá le feabhas
5 = Míshásúil

De réir na gcód feidhmiúcháin	**1**	**2**	**3**	**4**	**5**
Tinreamh (tráthúlacht agus neamhláithreacht san áireamh)					
Cumarsáid					
Inoiriúnacht					
Comhlíonadh na nDualgas					
Oiriúnacht don Ról					
Teagasc					
Taighde					
Ceannródaíocht Léinn					
Cion don Phobal i gcoitinne					
Dáta Athbhreithnithe:					

Oiliúint / Tacaíocht atá de dhíth
Riachtanas forbartha / riachtanas tacaíochta a sainaithníodh i rith na tréimhse promhaidh.

Beartaíocht a aontaíodh a dhéanfaí roimh an gcéad chruinniú eile:

Cén beart?	**Cé atá freagrach**	**Spriocdháta**
e.g. Freastal ar ionduchtú e.g. Socrú go mbeadh teacht ag an bhfostaí ar threalamh	Fostaí Bainisteoir	Luaitear dáta

Nótaí

Deimhnítear le bhur dtoil go ndearnadh ábhar na measúnachta thuas a phlé leis an bhfostaí.	Rinneadh		Ní dhearnadh	

Síniú: Fostaí	Dáta:
Síniú: Bainisteoir Líne / Ceann Roinne	Dáta: